

Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí a Nochtadh

Réamhrá

Sa mheasúnú atá OSFC ag déanamh ar chásanna ina bhfuil amhras faoi shárú dhlí na gcuideachtaí is mian léi iompar corparáideach a fheabhsú agus cultúr an ghéilliúntais i leith Achtanna na gCuideachtaí a chothabháil. Tá sé d'aidhm ag an Oifig iompar mídhleathach a cheartú i gcás go mbeireann an lucht atá ciontach as na mainneachtanaí buntáiste míchothrom iomaíochta nó eile, bíodh sé iarbhair nó ionchasach ar pháirtithe leasmhara eile na cuideachta de thoradh an mhí-iompair sin. O thráth go chéile áfach féadfaidh sé gurbh fhiú caingean dlí a thionscnamh i leith an iompair atá i gceist agus sa chás sin déanfar imscrúdú foirmeálta.

Fo-Aidhm 2.1: Socruithe Braite agus Tuairiscithe le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Fhorbairt

Arís sa bhliain 2008 líomhnaíodh sárúithe ar Achtanna na gCuideachtaí i líon mór tuarascálacha iniúcháir agus gearán poiblí a fuair an Oifig. Gné suntasach den bhliain 2008 áfach ba ea gur braitheadh mainneachtanaí maidir le ráitis airgeadais i ndiaidh don OSFC cinneadh a dhéanamh aird níos géire a dhíriú ar ráitis airgeadais chuideachtaí a bhí faoi theorainn ráthaíochta go háirithe.

Is ó na príomhearnálacha gnó a leanas a d'eascair na cásanna a tháinig chun cinn i 2008.

Gearáin/Tuairiscí de réir Earnáil Ghnó i 2008	% na nGearán/dTuarascálacha
Eastát réadach, Ligeann ar Cíos agus Gníomhaíochtaí Gnó Gaolmhara	26%
Seirbhísí Pobail agus Pearsanta	17%
Foirgníocht	9%
Mórdhiol, Miondhiol agus Trádáil Mhótarfheithiclí	7%
Iompar agus Cumarsáid	6%
Déantúsaíocht	6%
Idirghabháil Airgeadais	3%
Óstáin agus Bialanna	3%
Earnáil eile Ghnó	9%
Earnáil Ghnó Anaithnid	9%
Gan bheith ina chuideachta	5%
Iomlán	100%

Líon/Foinsí na Saincheisteanna a Imscrúdaíodh

Osclaíodh 627 gcás i 2008, titim de 7% ó na 674 chás a osclaíodh i 2007. In **Aguisín 2.1.1** tá breis sonraí faoi na figiúirí seo.

Titim de 11% ar líon na ngearán a fuarthas ón bpobal ó 331 i 2007 go 295 i 2008 ba shiocair leis an gcuid is mó den laghdú sin. Ba léir áfach ardú de 8% ó 204 i 2007 go 221 i 2008 ar líon na dtuarascálacha a fuarthas ó iniúcháirí, ó chomhlachtaí cuntasáíochta aitheanta agus ó dhreamanna eile a bhfuil sé de dhualgas orthu cásanna a bhfuil amhras faoi shárú Achtanna na gCuideachtaí a thuairisciú don OSFC. Bhí ardú de 11% ar líon na dtuarascálacha iniúcháir agus ba iad ba mhó ba chúis leis an méadú seo ar chásanna.

Ba é 'mír feachtais' OSFC trínar díriodh aird ar bhrath na n-easnamh i ráitis airgeadais chuideachtaí a bhí faoi theorainn ráthaíochta, faoi deara do chuid mhaith den fhuilleach. Ba é an scrúdú a rinneadh ar ghéilliúntas i leith oibleagáidí nua maidir le nochtadh i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) 2007 an 'mír feachtais' comhfhreagrach i ndeireadh na bliana 2007.

Comhoibriú idir Údaráis Rialúcháin

Ó tharla go bhfuil cumhachtaí na hOifige chun doiciméid agus áitribh a imscrúdú teoranta is mór is gá don Oifig dul ar iontaoibh faisnéise poiblí agus tríú páirtithe chun cásanna ar féidir mí-iompar bheith i gceist a aithint. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh raon leathan ag na foinsí faisnéise atá aici maidir le cásanna ar féidir sárú dlí cuideachta bheith i gceist, agus is é sin an fáth go mbíonn an Oifig ag iarraidh ar bhonn leanúnach rialtóirí eile a spreagadh chun cásanna ar féidir neamhghéilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí bheith i gceist a thuairisciú. Uaireanta cuirtear cruth foirmeálta ar na socruithe comhroinnte faisnéise frithpháirteacha seo i Meamraim Thuisceana (MTanna) dhéthaobhacha.

Teagmháil OSFC/Comhlachtaí Cuntasáíochta

Tá caidreamh dearfach idir OSFC agus na comhlachtaí cuntasáíochta gairmiúla agus tionóladh cruinnithe go tráthrialta i 2008 ag leibhéal teicniúil agus iomlánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe maidir le tuairiscí a chur ó iniúcháirí agus ó na comhlachtaí féin go dtí OSFC agus ar a sheal ó OSFC go dtí na comhlachtaí. Cuireadh tús le hobair forbartha ar threoir athbhreithnithe do iniúcháirí chun cuidiú leo cásanna a bhfuil amhras faoi chionta indiotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a thuairisciú. De ghnáth bíonn réimse na gcionta a chuireann iniúcháirí in iúl sách cúng agus chuir an Stiúrthóir in iúl ar go leor ócáidí go raibh imní air faoi sin agus tá súil leis go nochtai ghluaisneacht sin mainneachtanaí níos éagsúla de bharr na treorach nuair a chuirfeadh an cruth deiridh uirthi.

I Samhain 2008 cuireadh prótacail nua i bhfeidhm chun saincheisteanna ó OSFC a bhain le baill aonair ó ghairm na cuntasáíochta, a chur faoi bhráid na gcomhlachtaí. Ba éard a spreag na prótacail seo sraith d'atreuithe a rinne OSFC do na comhlachtaí agus do Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann (UMICE) a d'eascair as mainneachtanaí i leith ráiteas airgeadais a bhraith OSFC, go príomha i gcuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta. Molann OSFC gníomhaíocht na comhlachtaí atá i gceist sa mhéid is go bhfuil sé curtha in iúl acu dá mbaill go bhfuil cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta neamh-incháilithe le haghaidh díolúine ó iniúchadh. Tá súil leis go bhfeabhsóidh sin an géilliúntas i leith na hoibleagáide reachtúla seo amach anseo.

Rinneadh obair i rith na bliana chun foclaíocht na hoibleagáide in Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990 faoina bhfuil sé de cheangal ar chuideachtaí agus ar stiúrthóirí leabhair chuí chuntais a choinneáil a athbhreithniú. Is é an aidhm atá ag an athbhreithniú seo rún agus raon feidhme na hoibleagáide a shoiléiriú i gcomhthéacs an chomhshaoil tráchtála reatha. Tá sá de rún againn go gcuirfear aon fhoclaíocht athbhreithnithe ar aghaidh lena bhreithniú in am agus i dtráth mar chuid den Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí arna bheartú.

Teagmháil OSFC/UMICE

Tharla teagmháil go tráthrialta ag leibhéal na foirne idir an dá chomhlacht i 2008. Chomh maith le saincheisteanna na mainneachtanaí i leith ráiteas airgeadais a luaitear thuas ba chúis teagmhála tráthrialta freisin cásanna de dhaoine neamhcháilithe ag gníomhú mar iniúcháirí.

Teagmháil OSFC/Coimisinéirí Ioncaim

Tharla teagmháil fhorleathan i rith na bliana leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le ceisteanna a bhain le dlí na gcuideachtaí. Bhain an teagmháil go háirithe le hobair na hOifige trína dtugtar aghaidh ar an réimse a bhaineann le cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe i gcasanna gur creidiúnaí substaintiúil atá sna Coimisinéirí Ioncaim. Go hiomlán, roinneadh faisnéis faoi 80 chuideachta agus iarchuideachta.

Teagmháil OSFC/Rialtóir Airgeadais

Bhí teagmháil níos minice idir OSFC agus an Rialtóir Airgeadais i rith na bliana agus chuaigh an caidreamh eatarthu i dtreise dá réir. Go deireanach i 2008 casadh an Stiúrthóir agus Phríomhfheidhmeannach an Rialtóir Airgeadais lena chéile chun teacht ar chomhaontú maidir le hathbhreithnithe ar an Meamram Tuisceana (MT), agus síníodh MT athbhreithnithe.

Teagmháil OSFC/Bord na bPinsean

Tionóladh réamhchruinniú idir OSFC agus Phríomhfheidhmeannach Bhord na bPinsean chun an comhoibriú maidir le cásanna a bhaineann le cuideachtaí dócmhainneacha a bhain íocaíochtaí pinsin ó fhostaithe ach nár chuir an íocaíocht sin ar aghaidh chuig an soláthraí

pinsin a chur ar bhonn foirmiúil. Chuir OSFC dréacht-MT chuig Bhord na bPinsean lena bhreithniú agus beifear á thabhairt chun críche i 2009.

Teagmháil OSFC/Biúró an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIC)

Ar an gcéad ásc tharla teagmháil go tráthrialta idir bhaill an Garda ar iasacht ag OSFC agus a gcomhghleacaithe i BGIC agus i rannóga eile den Fhórsa.

Ar cuireadh ón BGIC d'fhreastail an Stiúrthóir i 2008 ar láithreoireacht a rinne an Federal Bureau of Investigation ó Stáit Aontaithe Mheiriceá i mBaile Átha Cliath. Bhí ionadaithe ó rialtóirí agus ó eagrais airgeadais eile i láthair freisin.

Teagmháil OSFC/Oifige um Chlárú Cuideachtaí (OCC)

Chuidigh foireann na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (OCC) le hobair na hOifige, go háirithe chun doiciméadú tionscantaigh cláraithe a bhféadfadh OSFC úsáid a bhaint as in imeachtaí cúirte a chur ar fáil don OSFC agus a dheimhniú.

Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint

Go ginearálta ba léir ar an bpointe ó thuarascálacha iniúcháir agus ó obair bhraite na hOifige féin cérbh iad na saincheisteanna a bhain le neamhghéilliúntas braite. I gcás gur ghá a dhéanamh amach cé acu sáruithe iarbhrí ar dhlí na gcuideachtaí nó nach ea a bhí i gceist, chuaigh foireann OSFC i dteagmháil leis na gearánaithe ábhartha.

Cineál na Saincheisteanna atá aitheanta i dTuarascálacha Iniúcháir agus i dTuarascálacha Sainordaitheacha eile

Sa 221 thuarascáil shainordaitheacha a fuarthas i 2008 luadh seacht bpríomhchineál cáis ina raibh amhras faoi chion. In **Aguisín 2.2.1** den Tuarascáil seo ainmnítear cineálacha na gcion a tuairiscíodh.

Mar ab amhlaidh sna blianta a chuaigh roimhe seo ba thréith de 87% de na mainneachtanaí a tuairiscíodh an dá fhionnachtain a leanas:

- Bhain 161 chás le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí mar ar bhain stiúrthóirí úsáid as cistí cuideachta contrártha leis na srianta in Alt 31 de Acht na gCuideachtaí 1990. B'ionann agus méadú de 17% ar na 138 dtuarascálacha a fuarthas i 2007 an figiúr seo;
- Tuairiscíodh 32 chás i 2008 ina raibh amhras faoi mhainneachtain maidir le leabhair chuí chuntais a choinneáil contrártha le hAlt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Ba dhíol fáilte an laghdú sin ar an 40 thuarascáil a fuarthas i 2007.

Iasachtaí Stiúrthóirí

Tugadh chun suntais i dTuarascálacha Bliantúla OSFC roimhe seo feiniméan idirbhearta na stiúrthóirí agus, ar an drochuair, tharraing imeachtaí na bliana 2008 aird an phobail ar an saincheist seo ar bhonn leanúnach.

Maidir le 161 chás inar tuairiscíodh idirbhearta iomarcacha stiúrthóirí, d'fhás méideanna na n-iasachtaí a bhain leo go €134 milliún i 2008, méadú faoi cheathair ar an €33.7 milliún a thuairiscigh iniúcháirí i 2007. Gné áirithe ba ea cásanna inar ghlac stiúrthóirí le hiasachtaí ó chuideachtaí in earnáil na tógála agus in earnáil fhorbairt na maoin sealbhais; tuairiscíodh i 47 dtuarascáil iniúcháir gur glacadh le hiasachtaí de thart ar €98 milliún. Is ionann an méid seo agus thart ar 73% de na hidirbhearta uile a thuairiscigh iniúcháirí i 2008.

Ag féachaint don dualgas cruthúnais ard a bhaineann le hionchúiseamh na mainneachtanaí seo lean an Oifig ar aghaidh i 2008 lena polasaí seanbhunaithe stiúrthóirí a spreagadh chun na hiasachtaí a bhí i gceist a thabhairt ar ais don chuideachta agus foláireamh a thabhairt dóibh maidir le hiarmhairtí amach anseo dá ndéanfaí an mainneachtain in athuair. D'íoc stiúrthóirí cuideachta thart ar €164 milliún ar ais agus thug an Oifig rabhadh do 423 stiúrthóir i rith na bliana; ba iad na hiniúcháirí a chuir an chuid is mó de na cásanna in iúl dúinn. Ag deireadh na bliana bhí 43 chás idir lámha, ceann amháin acu a bhí an-tábhachtach.

Cineál nua cáis a tháinig chun cinn i 2008 ba ea cás ar dealraitheach go raibh loiceadh i ráitis airgeadais cuideachta i ndáil le nochtadh dóthanach a dhéanamh ar idirbhearta stiúrthóirí. Tháinig an cheist seo chun cinn go háirithe i gcás Anglo Irish Bank Corporation plc ("Anglo") agus ba é go díreach faoi deara éirí as a phost don chathaoirleach agus do stiúrthóir eile a thairbhígh de na hiasachtaí sin. B'ábhar an cheist seo de mhionscrúdú a rinne foireann OSFC ag deireadh na bliana.

Leagadh síos in Ailt 41 go 46 d'Acht na gCuideachtaí 1990 na hoibleagáidí maidir le nochtadh arbh ábhar iad do Threoir a thug OSFC roimhe seo¹⁹. Go bunúsach ní mór faisnéis a bhaineann le hidirbhearta idir cuideachtaí agus a stiúrthóirí nó idir cuideachtaí agus páirtithe eile a bhfuil baint acu leis na stiúrthóirí a nochtadh sna nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais cuideachta. Baineann forálacha speisialta in Ailt 43 agus 44 le baint cheadúnaithe go háirithe. Ag féachaint dar tharla le Anglo, chinn OSFC i ndeireadh mhí na Nollag litir a scríobh chuig thart ar 40 banc cheadúnaithe sa Stát chun an oiread is a bhí siad ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Ailt 43 agus 44 a mheas.

Cineál na Saincheisteanna sainaitheandh i dTuarascálacha Deonacha agus i mBraith eile

In **Aguisín 2.2.2** léirítear i bhfoirm achomair tréithe na

ngearán éagsúla poiblí agus na saincheisteanna braite eile a tháinig chun suntais i 2008.

Cuideachtaí Bainistithe Maoin Sealbhais

Cuireadh 61 ghearán breise maidir le cuideachtaí bainistithe chuig OSFC i 2008. Mar ab amhlaidh sna blianta a chuaigh roimhe seo bhain roinnt de na gearáin seo le saincheisteanna nach de shainchúram na hOifige iad (a leithéid leibhéal na muirear seirbhíse agus leithdháileadh na limistéir chomónta ar an gcuideachta bhainistithe gan bheith déanta). Bhain na saincheisteanna um dhlí na gcuideachtaí sna cásanna seo go príomha le loiceadh maidir le:

- cruinnithe ginearálta bliantúla (CGBanna) a thionól;
- comhaltaí a chur ar an eolas go tráthúil go raibh na chruinnithe seo á dtionól;
- na cuntais airgeadais is deireanaí den chuideachta a nochtadh do chomhaltaí agus
- cead a thabhairt chun cláir chuideachta a imscrúdú.

Tá sampla de chás cuideachta bhainistithe i mbloc árasán i gCathair Bhaile Átha Cliath léirithe i **Léiriú 2.2.1**; arís agus arís eile bhí fadhbanna leis ach rinne OSFC réiteach sásúil orthu ar bhonn riaracháin.

Léiriú 2.2.1: Cás Cuideachta Bhainistithe Maoin Chónaithe

I 2008 fuair OSFC roinnt ghearán ó chomhaltaí cuideachta bhainistithe maoin sealbhais ar chás dóibh go raibh loicthe ag an gcuideachta CGB a thionól agus cuntais athbhreithnithe neamhghiorraithe iniúchta na cuideachta a sholáthar do na comhaltaí. Ghlac an Oifig leis gur chomhaltaí den chuideachta i ndáiríre a bhí san gearánaithe agus go raibh cuimse chumarsáide déanta acu le rúnaí na cuideachta ar feadh achair sách fada ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar a raibh ag cur inní orthu. Gheall rúnaí na cuideachta dóibh de réir dealraimh níos mó ná uair amháin go réiteofaí na heasnamh aitheanta.

Chrom OSFC ar litir a scríobh chuig stiúrthóirí na cuideachta ag iarraidh faisnéis áirithe maidir lena ndualgais reachtúla agus an dóigh a raibh siad á gcomhlíonadh agus thaispeáin sé go raibh gnáthoibriúcháin na cuideachta curtha faoi chúram rúnaí na cuideachta agus na ngníomhairí bainistithe. Ansin mar fhreagra ar idirbheart OSFC:

- thionóil na stiúrthóirí CGB de réir Achtanna na gCuideachtaí;
- dheimhnigh siad go raibh fáil ar iniúcháir na cuideachta agus
- gheall siad go mbeidh deis ag na comhaltaí leabhair agus taifid na cuideachta a cheadú.

Ina dhiaidh sin ghlac na comhaltaí páirt sa CGB agus fuair siad cóipeanna roimh ré de ráitis airgeadais iniúchta na cuideachta.

¹⁹ Tá an Treoir faoi Idirbhearta a bhaineann le Stiúrthóirí (Samhain 2003) ar fáil ag www.odce.ie. Pléitear i Rannán 9 den Treoir na hoibleagáide infheidhme maidir le nochtadh.

Mainneachtanaí maidir le Ráitis Airgeadais

Sna himscrúduithe a rinne sí ar ghearáin le blianta beaga anuas tharla sé ó ham go chéile le linn di ráitis airgeadais chuideachta faoi theorainn ráthaíochta a iniúchadh gur bhraith OSFC éilimh mhíchearta ar dhíolúine ó chlárú agus ó iniúchadh maille le mainneachtanaí airgeadais eile. De ghnáth is cuideachtaí 'nach bhfuil ar thóir brabúis' ach gur le haghaidh cuspóir carthanais, pobail nó sóisialta a bunaíodh iad atá sna chuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta. De bhua a saintréithe bíonn ceangail dlí orthu go mbeidh na sócmhainní a bhíonn á mbainistiú acu faoi réir dearbhairte iniúchta neamhspleách.

I bhfeachtas spriocdhírthe i 2008 rinne OSFC imscrúdú ar ráitis airgeadais 264 chuideachta. I 68 gcás (thart ar 25% de na cuideachtaí a imscrúdaíodh) ba léir ó ráitis airgeadais na cuideachta go raibh a bheag nó a mhór de neamhghéilliúntas le hAchtanna na gCuideachtaí i gceist. Braitheadh 100 easnamh agus seo a leanas na mainneachtanaí príomha:

- tharla sé 64 uair gur dheimhnigh na hiniúcháirí go raibh siad sásta go raibh na stiúrthóirí i dteideal cuntais ghiorraithe a thaisc agus gur chláraigh na cuideachtaí ansin cuntais ghiorraithe ainneoin nach bhfuil cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta i dteideal cuntais ghiorraithe a chlárú²⁰;
- i 30 ceann de na cásanna thuairiscigh na hiniúcháirí easnamh caipitil ainneoin nach mbíonn scairchaipiteal eisithe ag cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta²¹;
- tharla ocht n-uair gur chinn ar iniúcháirí tuairim iomlán iniúchta a chur ar fáil de réir an cheangail reachtúil²², agus
- i líon beag de chásanna eile ní dhearnadh aon iniúchadh.

Tar éis do OSFC dul i dteagmháil leis na hiniúcháirí cuideachta agus/nó na stiúrthóirí lena mbaineann, cuireadh na mainneachtanaí a bhí i gceist ina gceart. Mar a luaitear thuas cuireadh na dearmaid ghairmiúla atá i gceist in iúl do chomhlachtaí gairmiúla na n-iniúcháirí agus do UMICE le go bhféadfadh siad leigheas cuí a chur ar an scéal. Cás cuideachta a rinne éileamh míchuí ar dhíolúine ó iniúchadh ar feadh na mblianta fada atá i **Léiriú 2.2.2**.

Léiriú 2.2.2: Cuideachta Phobalbhunaithe in Iarthar na hÉireann

Bhí úinéireacht agus feidhm bhainistithe ag cuideachta phobalbhunaithe ar mhaoín sealbhais ar feadh na mblianta fada. Ar feadh achair sách fada bhí sí ag éileamh díolúine ó iniúchadh go míchuí. Tamall gairid ó shin dhiúscairigh sí sócmhainní agus fuair méid mór airgid dá bharr.

Tar éis do OSFC teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta rinne na stiúrthóirí bearta chun iniúcháir a cheapadh, a ullmhódh ráitis airgeadais agus a chláródh le OCC iad.

Fiacha fós gan Íoc

I 2008 fuarthas méid suntasach gearán inar líomhnaíodh go raibh loicthe ag cuideachtaí fiacha a íoc. In éagmais aon sárú follasach ar dhlí na gcuideachtaí mhol OSFC do na gearánaithé dul sa tóir ar leigheas dlí ar a son féin chun aon airgead a bhí dlite dóibh a fháil ar ais.

Láimhdeachas Cásanna

In **Aguisín 2.2.3** cuirtear ar fáil sonraí láimhdeachas cáis. Bhí thart ar 950 cás idir lámha i 2008 agus anois tá thart ar 584 acu dúnta. Is ionann sin agus méadú de 15% ar na 507 gcás a dúndadh i 2007. Ba é an iarracht chomhbheartaithe a rinne foireann na hOifige i 2008 chun líon mór de na cásanna a bhí fós idir lámha ag an Oifig a dhúnadh ba chúis leis an toradh seo.

In **Aguisín 2.2.4** cuirtear faisnéis ar fáil maidir le modh díúscairigh na 584 chás seo:

- Dúndadh 56% de na cásanna tar éis teacht ar shocrú maidir leis an mainneachtain i leith dhlí na gcuideachtaí agus/nó tar éis cur chuige bunaithe ar ghéilliúntais a ghlacadh i leith na mainneachtana. In go leor cásanna chuir OSFC fainic ar na daoine lena mbaineann agus mheabhraigh dóibh go leanfadh iarmhairtí as dá ndéanfaí an mainneachtain braite in athuair. Bhain níos mó ná a leath de na cásanna seo le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí;
- Cuireadh críoch le 25% díobh ar an mbonn nach raibh an fhianaise maidir le mainneachtain faoi Achtanna na gCuideachtaí ina húdar dóthanach chun beart breise a dhéanamh. Mar riail ghinearálta measadh nach raibh na líomhaintí ábhartha nó go raibh siad imeallach ó thaobh Achtanna na gCuideachtaí de agus/nó ó thaobh shainchúram OSFC de. Thabharfaí cineál tipiciúil cáis ar ghearáin maidir le muirir sheirbhíse i gcuideachta bhainistithe maoín sealbhais;

²⁰ Is cuideachtaí príobháideacha amháin atá i dteideal cuntais ghiorraithe a chlárú faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 (arna leasú).

²¹ Ní bhaineann an ceangal ar iniúcháirí tuarascáil dá leithéid a dhéanamh faoi Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983 ach do chuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal acu.

²² Mar a cheanglaítear i gCuid 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

- Cuireadh críoch le 12% ar an mbonn go mbeadh sí níos cuí dá rachadh na gearánaithe sa tóir ar leighis dlí nó eile ar a son féin d'fhonn a leas a chur chun cinn. Baineann **Léiriú 2.2.3** a ghabhann leis seo le cás inar iarraidh cuideachta mór le rá ar OSFC i 2008 breathnú i ndiaidh imeachtaí dícháilithe nó srianta a thionscnamh i gcoinne dhá iarstiúrthóir dá cuid;
- Ar na cásanna a raibh fágtha measadh go ginearálta gur ábhar iniúchta príomha ag údarás eile iad m.sh., ag Bord na bPinsean i ndáil le loiceadh ranníocaí pinsin a sheoladh go dtí an soláthraí pinsin.

Léiriú 2.2.3: Iarratas ar OSFC Imeachtaí Dícháilithe a Thionscnamh

Ar teagasc ó Bhord na Stiúrthóirí chuir Rúnaí Cuideachta gearán chuig OSFC i 2008 ag rá go ndearna dhá iarstiúrthóir faillí i ndualgas. Chuaigh an Chuideachta i mbun beart éigeandála i bhfoirm faoiseamh urghaire lena leasanna a chosaint agus de réir tuairisce bhí sí ag breathnú i ndiaidh caingean dlí neamhsónraithe a thionscnamh i gcoinne na h-iarstiúrthóirí agus páirtithe gaolmhara. Ag gníomhú dó ar chomhairle dlí, tháinig an Bord ar an tuairim gur dhaoine iad an bheirt iarstiúrthóirí nach raibh oiriúnach le bheith ina stiúrthóirí ar aon chuideachta faoi dhliteanas teoranta agus gur chóir go ndícháileofaí nó go srianfaí iad. Iarradh ar OSFC breathnú i ndiaidh beart cuí a dhéanamh ag éirí as an ngearán.

Ina freagra chuir OSFC fios ar na doiciméid ábhartha uile a d'fhónfadh mar fhianaise ar áitiú an Bhoird agus ar bhreis eolais maidir leis an gcaingean dlí a bhí tionscanta cheana féin agus a rabhthas anois ag déanamh machnaimh uirthi agus an tráthchlár a bhain leis an gcinneadh sin a bhí déanta. In san freagra freisin iarradh ar an gCuideachta aghaidh a thabhairt ar an tshaincheist a leanas:

"Is cinnte gur cuireadh in iúl duit sa chomhairle dlí a cuireadh ar fáil do do Chuideachta go bhfuil an bealach oscailte d'aon chomhaltas nó d'aon oifigeach i do Chuideachta faoi Alt 160(4) d'Acht na gCuideachtaí [1990] iarratas ar dhícháiliú ar aon duine dá bhiaróifigigh a chur chuig an Ard-Chúirt sna himthosca a luaitear sa chás seo. Dá réir sin ní mór dom an cheist a chur cén fáth go mbeadh do Chuideachta ag iarraidh ar an Oifig seo a cheart iarratas ar dhícháiliú a dhéanamh a fheidhmíú nuair atá an ceart céanna ar fáil duitse an beart sin a dhéanamh."

Níor bhain an Chuideachta áis as an deis a thug an Oifig di a gearán a thabhairt níos faide ar aghaidh agus níl aon fhaisnéis ar fáil a thabharfadh le tuiscint gur lainseáil sí imeachtaí dícháilithe dá cuid féin i gcoinne na n-iarstiúrthóirí a bhfuil trácht orthu.

De bhreis ar na 584 chás a dúnadh, measadh go n-oirfeadh imscrúdú mionsonraithe i 78 gcás eile. Orthu sin bhí roinnt tuarascálacha iniúcháir a meas an Oifig go mbeadh údar dóthanach chun caingean dlí a thionscnamh mar gheall orthu dá bhfaighfí breis fhianaise ábhartha maidir le mí-iompar, agus cásanna áirithe de chuideachtaí bainistithe maoin sealbhais inar theip ar stiúrthóirí freagra dearfach a thabhairt ar iarrachtaí OSFC coigeartú na mainneachtanaí aitheanta a bhaint amach.

Fo-Aidhm 2.3: Imscrúduithe Foirmeálta Cuideachta a Thacú/ Choimisiúnú

Ó thráth go chéile is gá do OSFC smaoineamh ar imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cuideachta d'fhonn na fíricí a thabhairt chun solais agus d'fhonn mí-iompar más ann dó a aithint. I gcúinsí ina bhfuil amhras faoi chalaiois, neamhdhleathacht nó iompar dochrach ceadaíonn Achtanna na gCuideachtaí do OSFC a éileamh go dtabharfaí ar aird lena n-iniúchadh leabhair agus doiciméid shonraithe na cuideachta.

Imscrúdú Ard-Chúirte

Ag éirí as iarratas OSFC, cheap an Ard-Chúirt Bill Shipsey SC i mí Iúil 2008 mar Chigire do DCC plc, do S&L Investments Ltd agus do Lotus Green Ltd chun gnéithe de cheannach agus de dhíol scaireanna Fyffes plc i 1995 agus i 2008 a imscrúdú. Ba í seo an chéad ócáid a chuir an Oifig iarratas chuig an Ard-Chúirt ag iarraidh go gceapfaí cigire ar chuideachta.

Bhí rath ar achainí OSFC chuig an gCúirt; lean na hachainí as:

- an scrúdú a rinne an Oifig ar Bhreithiúnais na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí sna himeachtaí sibhialta a bhain le déileáil chos istigh i 2000 arna líomhain, a thionscain Fyffes plc i gcoinne DCC plc, S&L Investments Ltd, Lotus Green Ltd agus James Flavin agus
- imscrúduithe dá cuid féin a d'ardaigh ceisteanna maidir le bailíocht dhlíthiúil idirbhearta gaolmhara áirithe a bhain le scaireanna i 1995.

Chuaigh an Cigire i mbun oibre i bhfómhar na bliana 2008 agus is eol gur chosain an tImscrúdú thart ar €180,000 suas go dtí deireadh na bliana 2008.

Fiosrúcháin Leanúnacha

Ag tús na bliana 2008 bhí an Oifig gafa ar bhonn leanúnach le ceithre scrúdú ar leabhair agus ar dhoiciméid chuideachta. Bhain ceann amháin díobh sin le DCC plc agus le cuideachtaí gaolmhara agus cuireadh deireadh leis i ndiaidh chinneadh na hArd-Chúirte i mí Iúil Cigire a cheapadh do na cuideachtaí.

Rinneadh tagairt i dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe seo don imscrúdú a rinne OSFC ar leabhair agus ar dhoiciméid Cologne Reinsurance Ltd. Tuigtear gur féidir gur cuireadh deireadh le roinnt imeachtaí gaolmhara san USA i 2008 a raibh roinnt de na páirtithe bainteach leo agus ag deireadh na bliana bhí an Oifig ag feitheamh ar dhearbhu ó údarais an SA maidir leis na sonraí sula measfadh sí cén beart de chuid OSFC, má bhí beart le déanamh, a bheadh cuí.

Bhí dhá imscrúdú cuideachta eile de chuid OSFC a tionscnaíodh roimh 2008 fós idir lámha ag deireadh na bliana.

Imscrúdú Nua Cuideachta

Seachas imscrúdú DCC plc, S&L Investments Ltd agus Lotus Green Ltd, níor tionscnaíodh aon scrúdú aimsithe fíricí nua ar leabhair agus ar dhoiciméid cuideachta i 2008.

Iniúchtaí Cuideachta Roinne

I 2008 choinnigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Stiúrthóir ar an eolas maidir le hiniúchtaí a bhí fós á ndéanamh aici ar leabhair agus ar dhoiciméid College Trustees Limited, Guinness and Mahon (Ireland) Limited agus Hamilton Ross Company Limited.

Conclúid

Ag féachaint do mhéid na gcásanna a iniúchadh agus a dúnadh i 2008, ba bhliain thar bheith gnóthach a bhí ann i ndáil le cásanna arbh fhéidir go ndearnadh mainneachtanaí i leith dhlí na gcuideachtaí a mheasúnú. Ag deireadh na bliana áfach ba léir gurbh ar na himeachtaí a nochtadh ag Anglo ba mó a bheadh aird na hOifige dírithe i 2009. Leis na hacmhainní atá ar fáil beidh sé deacair go leor agus ní baol ach gur dúshlán a bheidh ann an ghnáthobair bhraite a bhainistiú ag an am céanna. Sna himthosca sin, ní dóigh go mbeifear ag próiseáil an méid céanna cásanna i 2009.

Tugadh méid mór iasachtaí do stiúrthóirí i dtionscal na tógála i 2008 ainneoin feidhmíocht na hearnála a dhul i léig agus tuigtear go rachaidh sé rite ar chreidiúnaithe aon chuid nó roinnt den airgead sin a fháil ar ais i 2009 mar gheall air sin. Más mar sin a thitfidh sé amach is baolach go gcuirfear pionóis sna cúirteanna ar stiúrthóirí na gcuideachta maoinne agus tógála sin. Ba chóir do na stiúrthóirí sin gach iarracht a dhéanamh chun fiacha atá ag an gcuideachta orthu a íoc ar ais d'fhonn dliteanas na gcreidiúnaithe a íoslaghdú agus sin iompar a bheidh OSFC ag spreagadh go leanúnach.